

# ❁ An Lúibín ❁

24 Bealtaine 2012

## Feall ar an Léann Éireannach in Melbourne

De réir eolais atá faighte ag *An Lúibín*, tá Ollscoil Melbourne chun fáil réidh le Cathaoir an Léinn Éireannaigh i Scoil na Staire agus na Fealsúnachta. Is léir cheana nach teip acadúil is cúis leis an gclaonbheart seo (scoláire fuinniúil nó táilte is ea Elizabeth Malcolm, an tOllamh atá anois ann) ach uisce faoi thalamh san Ollscoil féin. Tá an tOllamh Malcolm chun dul ar scor i mbliana agus ní dócha go dtiocfaidh a leithéid eile ina háit.

Cuireadh an Chathaoir ar bun de réir choinníollacha Chiste Gerry Higgins (fear gnó Éireannach an tUasal Higgins ar mhian leis a dhúchas a chur chun cinn i gcúrsaí léinn in Melbourne). Tá an ciste á stiúradh ag dhá fhoras - an Ollscoil féin agus Coláiste Newman, áit a bhfuil an-bhaint aici le saothrú acadúil na Gaeilge. Deir na coinníollacha úd go soiléir go bhfuil airgead an chiste chun Cathaoir a chothú. Deirtear freisin, áfach, má mheasann an Ollscoil agus Coláiste Newman nach bhfuil feidhm leis an gCathaoir a thuilleadh, gur féidir an Chathaoir a chartadh agus tairbhe eile a bhaint as an airgead. Ní mór, ansin féin, an t-airgead a úsáid chun an léann Éireannach a chur chun cinn, ach tá fianaise ann go ndéanfaidh an Ollscoil iarracht ar chiste ginearálta a dhéanamh de pé airgead atá ar fáil. Ar éigean is gá a rá anois nach rud gan feidhm í an Chathaoir ar chor ar bith - tá éileamh ar an ábhar agus is sárú glán ar choinníollacha an Chiste í iarracht seo na hOllscoile ar an léann Éireannach a mhúchadh.

Ní mór an scéal seo a mheas de réir cúrsaí eile san Ollscoil. Is léir anois go bhfuil Dámh na nEalaíon (agus Scoil na Staire agus na Fealsúnachta go háirithe) á lagú: pacáistí iomarcaíochta á dtairiscint don fhoireann agus gan daoine á gceapadh ina n-ionad, acadóirí ag tréigean na háite le teann míshástachta. Is é an deacracht atá ann, ó thaobh na mbainisteoirí de, nach ndíolann rannóga Dhámh na nEalaíon astu féin: caithfear tras-fhóirdheontais a thabhairt dóibh, rud nach gcuirfeadh buairt ar bith ar dhuine réasúnta ach a thagann salach ar na rialacha cuntasóireachta atá i réim anois. As ábhair ghnó a bhaintear an brabach na laethanta seo agus an Ollscoil ar a dícheall ag cur lena stór dá réir. Agus cuimhnimis ar an dímheas atá ag daoine áirithe údarásacha san Ollscoil ar ábhair 'bhoga'.

Caithfear dul i ngleic leis an Ollscoil i ngeall air seo. Tá fód le seasamh, mar is baoth an beartas é Cathaoir den saghas seo a bhaint d'ollscoil agus de chathair a bhfuil baint chomh fada sin acu le stair na nÉireannach agus na Gaeilge san Astráil. Tá tábhacht ar leith leis an gCathaoir mar shiombail agus tábhacht an-phraiticiúil léi i gcúrsaí léinn. Tá an dealramh ar an scéal seo go bhfuiltear ag iarraidh an gnó a dhéanamh gan fhios. Ná ligtear leo.

Féach anseo na rialacha a bhaineann le *The Gerry Higgins Chair of Irish Studies*:

<http://www.unimelb.edu.au/unisec/utr/pdf/utr7227.pdf>



## An Ghaeilge in Victoria

Tá *Hidden Ireland in Victoria* (scéal na Gaeilge in oirdheisceart na hAstráile), leabhar sárshuimiúil le Val Noone, le lánseáil ag 3.00 pm Dé Domhnaigh, 3 Meitheamh 2012, sa Chlub Ceilteach ag cúinne Shráid Queen agus Shráid Latrobe in Melbourne. Comhalta onórach de chuid Scoil na Staire, Ollscoil Melbourne, is ea an Dr Noone, agus seo é an chéad leabhar a thugann mionléiriú ar stair na teanga in aon chuid den Astráil. Tá an leabhar ar fáil ó Ballarat Heritage Services, foilsitheoirí, agus táthar ag súil go mbeidh sé ar díol ar ball ina lán siopaí leabhar.

Beidh \$55 air sna siopaí agus praghas speisialta \$50 air ag an lánseáil.

Breis eolais : [info@ballaratheritage.com.au](mailto:info@ballaratheritage.com.au) nó [www.ballaratheritage.com.au](http://www.ballaratheritage.com.au).

Féach na bileoga thíos :

[Hidden flyer.pdf](#)    [HiddenLaunch.pdf](#)



### **Comhdháil**

Comhdháil ar Litríocht agus Cultúr na Gaeilge de chuid Roinn na Gaeilge OE Gaillimh beidh sí ar siúl 12-13 Deireadh Fómhair. Tá an lucht eagraithe ag lorg daoine a bheadh sásta páipéar a thairiscint.

An té arb áil leis páipéar a sholáthar is féidir leis dul i dteagmháil le John Walsh nó Lillis Ó Laoire mar a leanas:

**[comhdhailgaillimh@gmail.com](mailto:comhdhailgaillimh@gmail.com)**

Is iad na príomhchainteoirí an tOllamh Greg Toner ó Ollscoil na Ríona, an tOllamh Máire Ní Annracháin ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus an Dr Tríona Ní Shíocháin ó Ollscoil Luimnigh.



### **Samhradh i gCeatharlach**

Cad a dhéanfaimid feasta gan ghaeltacht? Sin ceist ar fiú do choláistí samhraidh na hÉireann machnamh a dhéanamh uirthi agus fianaise shoiléir ann nach bhfuil fad saoil i ndán do na 'ghaeltachtaí' seanfhréamhaithe. Orthu sin a bhíodh na coláistí ag brath chun líofacht cainte a thabhairt do na daltaí. Anois caithfidh siad a bheith seiftiúil.

Comhartha ar réiteach na ceiste is ea an coláiste samhraidh do dhéagóirí a bheidh ar siúl i gCeatharlach i mbliana. (Samhradh é a bhfuil bearradh fuar air, más fíor.) Tá an coláiste á reachtáil ann le ceithre bliana, cé nach inné ná arú inné a chualathas cainteoirí dúchais sa cheantar. Ach tá gaelcholáiste ann le haghaidh na hócáide agus na gnáthimeachtaí ann - ceachtanna Gaeilge, seisiúin cainte, díospóireachtaí, amhránaíocht, cluichí agus rince céilí. Gaeilge ó dhubh go dubh. €195 an táille, an té ar acmhainn dó é agus an saol mar atá.

Cuid de ghaeltacht eile na coláistí seo, cuid den rud atá ag fágáil blas coitianta ar chaint an aosa óig agus ag caighdeánú na foghraíochta de réir a chéile. Tagann na múinteoirí ó áiteanna difriúla agus, ar ndóigh, mairfidh an tseandifríocht idir na cúigí, ach tá an Ghaeilge anois mar a bhíodh an Eabhrais in Iosrael - teanga is gá a athshealbhú agus pobal nua á roghnú. Tá a cuid tréithe féin aici maidir le fuaimniú na gconsan (go háirithe *r*, idir chaol agus leathan), tabhairt amach an ghutha agus roinnt rudaí eile. Sin ábhar ailt eile. An simpliú i gcónaí agus cainteoirí dúchais cathrach againn anois. Baint mhór ag na scoileanna lán-Ghaeilge leis an scéal, ar ndóigh. Ní gach duine de na daltaí úd sna coláistí samhraidh, ná a leath, a bhainfidh feidhm as an nGaeilge amach anseo. An cúpla duine b'fhéidir, rud a bhaineann le meáchan an Bhéarla ar intinn na hÉireann atá anois ann.

Níl Contae Cheatharlach gan Ghaeilge. Tá grúpaí comhrá agus eile ann. D'éirigh thar barr le hAisteoirí an Lóchrainn leis an dráma *Bidín* ag an *All-Ireland Irish Drama Festival* i nDún na nGall agus iad ag dul san iomaíocht le compántais Ghaeltachta. Tá aitheantas faighte ag Glór Cheatharlach as an teanga a chur chun cinn sna meáin agus ag Glór Bhalana as í a úsáid i gcúrsaí oidhreachta. Rian d'ídé-eolaíocht na hAthbheochana ar chontae sean-Bhéarlaithe é seo.

Ag seo, dála an scéil, cuid de na figiúirí stairiúla a bhaineann leis an nGaeilge i gContae Cheatharlach nuair a bhí cainteoirí traidisiúnta ann, agus ní chuirfidís áthas ort. Féach mar a bheadh an scéal sna barúntachtaí a leanas sna deich mbliana 1771-1781:

Ceatharlach	0%
Ó Dróna Thiar	0%
Ó Dróna Thoir	0%
Tigh Moling Íochtarach	10-19%
Fotharta	0%
Tigh Moling	0%
Ráth Bhile	0%

I ndeisceart an chontae atá Tigh Moling Íochtarach agus bhí an Ghaeilge ina neart go fóill thar teorainn siar i gCill Chainnigh – 40-49% i nGabhrán, 80-89% in Uí Dheá agus mar sin de. Bhí méid éigin Gaeilge á labhairt i dTigh Moling Íochtarach anuas go dtí lár an 19ú haois beagnach, agus baint aige sin, is dócha, le staid na teanga i measc na gcomharsan thiar. Ní mór a chuimhneamh chomh maith gur fomheastachán atá i gceist; is cosúil gur mhó an líon cainteoirí Gaeilge ina lán barúntachtaí ná mar a léiríonn na figiúirí atá le fáil.



### Gaeilge Phailistíneach

Pailistíneach is ea Basil Farraj. Tháinig sé mar mhac léinn chun Doire agus is ann a chuala sé trácht ar Líofa 2015, scéim a bhfuil d'aidhm aici cur go mór leis an líon Gaeilgeoirí faoin mbliain 2015. Ní raibh focal Gaeilge aige (ní nach ionadh) agus thug se faoin teanga le teann spéise.

Bhí fonn air dul amach ar iomlán an chultúir agus tá sé á thathaint anois go ndéanfadh na hÉireannaigh i gcoitinne mar a rinne seisean, mar bheadh a saol níos suimiúla dá bharr agus chuirfeadh sé ar a gcumas iad féin a dhealú amach ó Bhéarlóirí an domhain – agus nach iomaí gníomhaí a thioctadh leis.

Sular fhill sé ar an bPailistín ghnóthaigh sé an teastas Cúpla Focal agus tá fonn air leanúint air ag foghlaim na teanga ar líne sa bhaile.<sup>1</sup>

Scéal neamhchoitianta é seo, gan amhras; agus scéal a thabharfadh uchtach éigin duit. Ba mhaith an rud é dá dtabharfadh cúpla Gaeilgeoir faoi Arabais mar chúiteamh (nó faoi Svahailis, faoi Warlpiri...)



### Haiku

Baineann Gabriel Rosenstock (file agus aistritheoir) leis an nglúin úr iontach a tháinig chun tosaigh sna seachtóidí i gcúrsaí filíochta. É i mbun oibre i gcónaí agus lé aige leis an haiku, foirm iasachta a chuir sé in oiriúint don Ghaeilge. Anois is féidir leabhar haiku le Rosenstock, *Géaga Tré Thine*, a íoslódáil saor in aisce.

Táimid buíoch d'Fheargus Ó Snodaigh as ár n-aird a tharraingt air seo. Baineann Feargus le Coiscéim, foilsitheoir torthúil Gaeilge: [www.coisceim.ie](http://www.coisceim.ie).

Géaga Tré Thine\_clúdach.pdf      Géaga Tré Thine.pdf

<sup>1</sup> 'Basil an inspiration to Derry,' [www.derryjournal.com](http://www.derryjournal.com), 5/5/12.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

## Leaganacha simplithe

### Feall ar an Léann Éireannach in Melbourne

De réir eolais atá faighte ag *An Lúibín*, tá Ollscoil Melbourne chun fáil réidh le<sup>2</sup> Cathaoir an Léinn Éireannaigh.<sup>3</sup> Tá an tOllamh Malcolm chun dul ar scor i mbliana agus ní dócha go dtiocfaidh a leithéid eile ina háit.

Cuireadh an Chathaoir ar bun de réir Chiste<sup>4</sup> Gerry Higgins. Tá an ciste á stiúradh ag an Ollscoil féin agus ag Coláiste Newman. Deir na rialacha go bhfuil airgead an chiste chun Cathaoir a chothú. Deirtear freisin, áfach, má mheasann an Ollscoil agus Coláiste Newman nach bhfuil feidhm<sup>5</sup> leis an gCathaoir, gur féidir tairbhe a bhaint as an airgead ar dhóigh eile. Is léir nach bhfuil an Chathaoir gan feidhm. Tá éileamh ar an ábhar.

Caithfidimid an scéal seo a mheas de réir cúrsaí eile san Ollscoil. Tá Scoil na Staire á lagú: pacáistí iomarcaíochta<sup>6</sup> á dtairiscint, acadóirí ag tréigean na háite le teann míshástachta.<sup>7</sup> Is é an deacracht atá ann, ó thaobh na mbainisteoirí de, nach ndiolann na healaíona astu féin: caithfear tras-fhóirdheontais<sup>8</sup> a thabhairt dóibh, agus tá dímhéas ag daoine áirithe údarásacha ar ábhair 'bhoga'.

Caithfear dul i ngleic<sup>9</sup> leis an Ollscoil fao seo. Tá tábhacht ar leith leis an gCathaoir mar shiombail agus tábhacht an-phraiticiúil léi i gcúrsaí léinn.<sup>10</sup> Tá an dealramh ar an scéal seo go bhfuil siad ag iarraidh an gnó a dhéanamh gan fhios.<sup>11</sup> Caithfidimid cur ina choinne.

### Samhradh i gCeatharlach

Tá ceist ann: Cad a dhéanfaidh coláistí samhraidh na hÉireann agus an Ghaeltacht thraidisiúnta ag meath? Bhí na coláistí ag brath ar an nGhaeltacht riamh chun líofacht cainte a thabhairt do na daltaí. Anois caithfidh siad a bheith seiftiúil.

Tá réiteach na ceiste le feiceáil sa choláiste samhraidh do dhéagóirí a bheidh ar siúl i gCeatharlach i mbliana. Tá an coláiste seo á reachtáil<sup>12</sup> ann le ceithre bliana: ceachtanna Gaeilge, seisiúin cainte, díospóireachtaí, amhránaíocht, cluichí agus rince céili.

Is cuid de Ghaeltacht eile na coláistí seo – Gaeilgeoirí uile na hÉireann. Tá an fhoghraíocht á caihdeánú dá bharr, cé go bhfuil difríocht idir na cúigí fós. An teanga á simpliú i gcónaí agus cainteoirí dúchais cathrach againn anois. Mar sin féin, tá mórán daltaí sna coláistí samhraidh nach labhraíonn Gaeilge in aon áit eile.

Níl Contae Cheatharlach féin gan Ghaeilge. Tá grúpaí comhrá, compántas aisteoirí agus grúpaí eile ann.

Taispeánann figiúirí stairiúla nach raibh mórán Gaeilge á labhairt i gContae Cheatharlach fiú sna blianta 1771-1781. As seacht mbarúntachtaí ní raibh ach ceann amháin a raibh Gaeltacht ann: sin Tigh Moling Íochtarach, áit i ndeisceart an chontae a raibh idir 10% agus 19% de na daoine ag labhairt na teanga. Bheadh baint aige seo le neart na Gaeilge i gContae Chill Chainnigh ag an am, mar bhí an contae sin agus Tigh Moling Íochtarach ag críochantacht<sup>13</sup> lena chéile. Bhí Gaeilge á labhairt i ndeisceart Chontae Cheatharlach fós sa chéad chuid den 19ú haois. Ní mór a

<sup>2</sup> Fáil réidh le – get rid of

<sup>3</sup> Cathaoir an Léinn Éireannaigh – the Chair of Irish Studies

<sup>4</sup> Ciste - fund

<sup>5</sup> Nach bhfuil feidhm le – is not viable

<sup>6</sup> Pacáistí iomarcaíochta – redundancy packages

<sup>7</sup> Le teann míshástachta – through sheer discontent

<sup>8</sup> Tras-fhóirdheontais – cross-subsidies

<sup>9</sup> Dul i ngleic le – grapple with

<sup>10</sup> I gcúrsaí léinn – in higher learning

<sup>11</sup> An gnó a dhéanamh gan fhios – to do it surreptitiously

<sup>12</sup> Á reachtáil – being run

<sup>13</sup> Ag críochantacht le - bordering

chuidhneamh fgr fomheastachán<sup>14</sup> atá i gceist; bheadh níos mó cainteoirí Gaeilge sa chontae ná mar a léiríonn na figiúirí atá le fáil.

---

<sup>14</sup> Fomheastachán - underestimate